# Mí na Samhna 2022: Mí na Marbh

Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2023 ná 'Scoileanna Caitliceacha: Ag Siúl go Muiníneach Grámhar le Chéile'. Táimid ag súil le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2023 a cheiliúradh, agus i rith mhí na Samhna cuimhnímid ar an mhuintir a d'imigh romhainn, iadsan a raibh dóchas san aiséirí go smior iontu. Cabhróidh agus tacóidh an acmhainn seo leis na scoileanna trí cheachtanna agus gníomhaíochtaí a chur ar fáil dóibh, le húsáid i rith Mhí na Marbh. Cuireann tráth na Samhna i gcuimhne dúinn gur ceart aistear na beatha a chur dínn le muinín i nDia againn agus muid ag léiriú grá don duine eile, agus do na daoine a shroich ceann scríbe cheana féin.

**Tá an comhrac maith tugtha agam, tá mo rás rite, tá an creideamh coinnithe agam.**

**(2 Tiom 4:7)**

### Don Pharóiste

Is féidir an tráth seo a shuiteáil i lár na dtéamaí liotúirgeacha do mhí na Samhna, agus don Aifreann/Liotúirge ar Lá na Marbh, agus muid ag smaoineamh ar an mhuintir mhuirneach atá ar shlí na fírinne. Is fiú guí orthusan nach bhfuil duine ná deoraí le paidir a chur ar a son, chomh maith. Is féidir an tSeirbhís Urnaí a chur ar siúl sa pharóiste le páistí nó le déagóirí.



### Acmhainn:

- Ábhar oiriúnach ó *Curaclam Réamhscolaíochta agus Bunscolaíochta don Oideachas Reiligiúnach in Éirinn*
- Ceacht Sóisearach (Naíonáin Shóisearacha – Rang 2/P1–P4)
- Ceacht Sinsearach (Rang 3 - 6/P5–P7)
- Seirbhís Chuimhneacháin



# An Curaclam Réamhscolaíochta agus Bunscolaíochta Don Oideachas Reiligiúnach in Éirinn

**Ón gCuraclam ...**

| Leibhéal 1 | Leibhéal 2 |
|---|---|
| **Snáithe: An Creideamh Críostaí**<br>**Snáithaonad:** An Bheatha Shíoraí<br>• Ba mhaith le Dia go mbeadh cách sona go síoraí ar neamh leis (1 Eoin 3:2; 1 Cor 13:12; CCC, 1023)<br>• Ar bhás dúinn téimid abhaile chun Dé (CCC, 1020)<br><br>**Snáithe: Liotúirge agus Urnaí**<br>**Snáithaonad:** Urnaí Bhreise<br>• Urnaí ar son na mairbh/ar son na n-easlán/ iadsan atá ar tí bháis | **Snáithe: An Creideamh Críostaí**<br>**Snáithaonad:** An Bheatha Shíoraí<br>• Gheall Íosa beatha úr ar domhan dúinn agus tar éis bháis dúinn<br>• Creidimid go gcuirfidh Dia glao ar neamh orainn ar uair ár mbáis (CCC, 1011)<br>• Is é plean Dé ar bhás dúinn go rachaimis ar neamh le maireachtáil in éineacht le Dia, le hÍosa, le Muire, leis na haingil agus leis na naoimh (CCC, 1024)<br><br>**Snáithe: Liotúirge agus Urnaí**<br>**Snáithaonad:** An Bhliain Liotúirgeach<br>• Ar Lá Fhéile na Marbh cuimhníonn an Eaglais ar an mhuintir básaithe, agus guitear ar a son. |
| **Leibhéal 3** | **Leibhéal 4** |
| **Snáithe: An Creideamh Críostaí**<br>**Snáithaonad:** An Bheatha Shíoraí<br>• Ba mhaith le Dia go mbeadh cách sona ar neamh go síoraí leis, trí Íosa ár Slánaitheoir (GS, 18; CCC, 1026)<br>• D'aiséirigh Críost ó na mairbh ina chorp féin agus chuaigh ar neamh ionas go bhféadfaimis An Bheatha Shíoraí a roinnt leis in am agus i dtráth (CCC, 666–7)<br>• Arsa an Tiarna Íosa, 'Aiséireoidh an mhuintir a bheidh i bpáirt le Críost.' Creideann na Críostaithe go dóchasach go bhfuil beatha úr i ndán dóibh le hÍosa aiséirithe. Tugtar An Bheatha Shíoraí air (1 Cor 15:23)<br>• D'aiséirigh Críost, agus maireann go síoraí, aiséireoimid féin ar Lá an Luain (CCC, 1016; 1 Cor 15:54-7)<br>• Creideann na Críostaithe go bhfeicfidh siad Críost ar lá an bháis, go mbeidh siad ina theannta (1 Cor 13:12) | **Snáithe: An Creideamh Críostaí**<br>**Snáithaonad:** An Bheatha Shíoraí<br>• Leanfaidh an mhaith atá ar domhan, go síoraí ar neamh<br>• Cabhraíonn gach gníomh cineáltais, flaithiúlachta, seirbhíse, le tógáil na ríochta<br>• Is é sonas na bhflaitheas ná maireachtáil go síoraí le Dia agus leis na naoimh ar bhealach grámhar tuisceanach (CCC, 1024; cf. CCC, 1026–7)<br>• Éagfaidh an corp, ach aiséireoidh arís (ar bhealach athnuaite) ag deireadh ré (Aiséirí na colainne; cf. LG, 48; CCC, 988–90, 1020)<br>• De bharr ghrásta agus trócaire Dé, táimid dóchasach mar Chríostaithe go bhfuil an mhuintir a ghráigh Dia in éineacht leis ar neamh (GS, 18)<br>• Guíonn an Eaglais go slánófar cách<br>• (CCC, 1058)<br>• Guíonn na Caitlicigh ar son na n-anamacha i bpurgadóir ar Lá na Marbh agus ar feadh na bliana<br>• Cuireann an Eaglais na mairbh faoi choimirce thrócaire Dé agus guíonn an Eocairist agus urnaí eile ar a son |

# Ceacht Sóisearach

## Naíonáin Shóisearacha – Rang 2/P1–P4

### Nótaí don Oide

Díríonn tráth na Samhna orainne mar phobal an dóchais, mar lucht leanta Íosa. Caithimid ár saol ag súil le go gcuirfear gealltanas Íosa i bhfeidhm, ionas go mbeimid féin agus ár muintir ina theannta.

Gheall Íosa dúinn go mbeadh áit ar neamh ann don uile dhuine a chreid i nDia, nuair a gheobhaimid bás. Tá na daoine a fuair bás cheana féin i dteannta Íosa agus is féidir guí chucu, agus guí ar a son.

I rith mhí na Samhna agus ar Fhéile na Naomh Uile (1 Samhain) agus ar Lá na Marbh (2 Samhain), cuimhnímid ar an mhuintir mhuirneach atá ar neamh.

Is gnáthdhaoine chomh maith linn féin iad na naoimh. Chaitheadar saol fiúntach, chabhraíodar leis an duine eile, rinneadar urnaí agus iarracht an domhan a fheabhsú do chách. Chualamar faoi Naomh Pádraig agus Naomh Bríd. Cé hiad naoimh na linne seo? Cé hiad na daoine a thugann léargas dúinn ar ríocht Dé, m.sh. An Br Kevin Crowley, An tSr Stan, An tAth Peter McVerry, 7rl?

Nóta: Ba cheart a bheith discréideach maidir leis an ábhar seo a chur os comhair na ndaltaí. D'fhéadfadh go gcuirfí as do pháistí áirithe, iadsan a chaill ball teaghlaigh le déanaí, mar shampla.

Míníonn an físeán YouTube seo bunús Oíche Shamhna agus Lá Fhéile na Naomh Uile:

**www.youtube.com/watch?v=Oy66_pgeORA**



### Smaoinigh

Pléigh téamaí an tséasúir leis an rang. Cabhróidh na ceisteanna seo libh:

1. **Cad is naomh ann?**
2. **An bhfuil naomh ar bith ar aithne againn?**
3. **Cén fáth go mbíonn ceiliúradh Oíche Shamhna ann ar an 31 Deireadh Fómhair?** (An lá roimh Lá Fhéile na Naomh Uile.) Tabhair nod dóibh más gá. Scríobh: 'All Hallows' Eve'.



### Pléigh

Mínigh an fáth le go ndéantar ceiliúradh ar Lá Fhéile na Naomh Uile. Tugtar an t-ainm sin ar an lá speisialta seo i saol na hEaglaise.  Guíonn an Eaglais ar an lá seo ar son na ndaoine a fuair bás agus atá in éineacht le Dia ar neamh. Téimid ar Aifreann ag cuimhneamh ar na daoine naofa seo atá sona le Dia.

Naomh atá san uile dhuine a chónaigh agus a fuair bás i ngrá Dé. Tá baill áirithe teaghlaigh, cuid cairde, roinnt de na comharsana mar naoimh. Níl ainm gach naomh ar aithne againn. Lean cuid de na daoine seo sampla Íosa go dílis, agus dúirt an Eaglais gur deimhin an rud é go ndeachaigh siad ar neamh tar éis bháis dóibh. An bhfuil aithne ar bith agaibh ar aon duine acu san? (Beidh freagraí éagsúla ann.)

Cabhraigh leis na daltaí tuiscint a bheith acu gur ábhar naoimh an uile dhuine againn.  Daoine naofa iad an mhuintir a ghránn Íosa agus a roinneann a chuid grá leis na daoine eile. Is féidir linne ar fad saol naofa a chaitheamh, fiú agus muid ar domhan.  Abair bealach amháin ina bhféadfaí maireachtáil mar naomh (a) sa bhaile; (b) ar scoil; (c) i measc an phobail.

Nuair a thugann na daltaí a gcuid samplaí, abair: Iarrann Dia orainn saol naofa a chaitheamh. Déanaimid a leithéid ar na bealaí a luamar cheana féin. Sin an plean atá ag Dia do chách.

### Gníomhaíocht

Smaoinímid i rith mhí na Samhna ar an mhuintir a d'imigh romhainn. Scríobhfaimid síos ainm, nó déanfaimid pictiúr den duine muinteartha a fuair bás ar an leathanach gníomhaíochta do na sóisir, le cabhrú linn iad a thabhairt chun cuimhne, agus muid ag súil leis go bhfuil siad in éineacht le Dia ar neamh. Is féidir gur ball teaghlaigh, nó cara, nó comharsa, nó peata fiú a bheadh i gceist. Is féidir daoine a lua nach mbeadh aon duine eile ar domhan a chuirfeadh urnaí ar a son. Cuir na leathanaigh ar taispeáint i spás beannaithe an ranga.



# Tráth na Samhna

## Bileog Ghníomhaíochta do na Sóisir



# Ceacht Sinsearach

## Rang 3 – Rang 6 /P5–P7

### Smaoinigh:

Iarr ar na daltaí: An mó duine agaibh a bhíonn ag súil leis an Nollaig?... leis an lá breithe? ... le saoire an tsamhraidh? (Lig dóibh lámha a ardú.)

Abair: Bímid ag súil go mór le tráthanna spreagúla áirithe sa bhliain. Nuair a ghealltar rud suimiúil dúinn don todhchaí, bíonn sceitimíní orainn láithreach. Múineann Íosa dúinn go ngealltar An Bheatha Shíoraí dúinn má leanaimid a bhealach agus a dhea-shampla.

### Pléigh

Nuair a chuala Íosa go raibh a chara Lazaras tar éis bháis, thaisteal sé go Beatáine, áit chónaithe Lazaras. Chuir Marta, deirfiúr Lazaras, fáilte roimhe. Bhí cumha uirthi nár tháinig Íosa níos luaithe, ach chreid sí go n-éireodh Lazaras arís ar lá deireadh an tsaoil, agus go mbeadh sé ina chónaí go síoraí le Dia. Dúirt Íosa léi gurbh eisean an t-aiséirí agus an bheatha, agus an té a chreidfeadh ann, go mairfeadh an duine sin go síoraí. Ghlaoigh sé ar Lazaras ina dhiaidh sin, agus tháinig an marbhán amach as an tuama. Bhí sé ina bheatha!

Abair leis na leanaí go mbaineann an scéal faoi Íosa ag tabhairt Lazaras ar ais ó mhairbh leis an ngealltanas a thug sé dúinn go bhfuil An Bheatha Shíoraí i ndán dúinn. Is é Íosa an t-aiséirí agus an bheatha dúinne chomh maith. Abair: Guímid ar son na ndaoine a fuair bás agus muid ag súil leis go mairfidh siad go deo le Dia agus go n-athaontófar lena chéile muid ar fad.

Físeán ar YouTube faoi Íosa ag tabhairt Lazaras ar ais ó na mairbh:

**www.youtube.com/watch?v=Dca8SSxXCmM**

### Gníomhaíocht

Déan cur síos ar an míorúilt seo ar bhileog oibre na sinsear amhail is dá mba rud é go raibh tú féin i láthair nó go raibh tuairisc faoi á scríobh agat do *'Preas na Gailíle'*.

### Gníomhaíocht Bhreise

Bí ag smaoineamh/ag caint faoin mhuintir mhuirneach a fuair bás. Ball teaghlaigh, nó cara, nó peata a bheadh ann. Tarraingíonn na daltaí pictiúir, nó scríobhann siad ainmneacha na ndaoine a bhfuil siad ag smaoineamh orthu. Cuir na leathanaigh i spás beannaithe an ranga.

Má bhíonn an deis agaibh, téigí ar Aifreann lena chéile ar lá scoile mhí na Samhna. Iarr ar an sagart ligean daoibh an bosca le hainmneacha na marbh a chur ag bun na haltóra i rith an Aifrinn.



# Preas na Gailíle

# LAZARAS ÉIRITHE Ó NA MAIRBH!



# Seirbhís Urnaí

Is féidir an tseirbhís urnaí seo a reáchtáil sa seomra ranga, i halla na scoile nó i seomra urnaí na scoile. Is féidir beoshruthú ar fud na scoile a dhéanamh ó sheomra áirithe nó go mbeadh a sheirbhís féin ag gach rang éagsúil.



### Ábhar don Spás Beannaithe

- Leabhar/crann/bosca cuimhneacháin.
- Pictiúir (Bileog Oibre na Sóisear)
- Scaraoid ghlas
- Coinneal
- Uisce Coisricthe
- Cros Chéasta

**Treoraí:** Bail ó Dhia oraibh ar maidin a chairde. Táimid cruinnithe anseo le guí ar son na ndaoine muinteartha, na cairde, na comharsana agus daoine eile a fuair bás. Cuimhnímid chomh maith orthusan nach bhfuil aon duine eile acu le guí ar a son.

Cuimhnímid ar na daoine seo ach go háirithe i rith mhí na Samhna, agus muid ag smaoineamh air gur gheall Íosa an Bheatha Shíoraí i ríocht Dé dúinn. Tuigimid go sáraíonn grá Dé an bás, agus tá súil againn go bhfuil an mhuintir a d’imigh romhainn in éineacht le Dia ar neamh.

Cuirimid tús lenár nguí in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. Amen.

**Amhrán Tosaigh:** A Íosa Glan mo Chroíse (nó iomann oiriúnach eile)

**Treoraí:** Cuimhnímid inniu ar na mairbh, agus cuirimid duilleoga urnaithe lena gcuid ainmneacha, nó na pictiúir, ar crochadh ar an gcrann cuimhneacháin. (Is féidir bosca cuimhneacháin nó leabhar cuimhneacháin a úsáid ina ionad.) Múineann Íosa dúinn go sáraíonn grá Dé an bás. Éistimis anois le Briathar Dé.

**Léacht: Sliocht as Leabhar Apacailipsis (14:13)**
Ansin chuala an guth ó na flaithis á rá: “Scríobh: Is beannaithe na mairbh a fhaigheann bás sa Tiarna, as seo amach.” “Is beannaithe go deimhin,” a deir an Spiorad, “i dtreo go scuirfidh siad dá saothar mar tá a n-oibreacha á leanúint.” Sin é Briathar Dé.

**Treoraí:** Guímis le chéile ar son na marbh. Is é an freagra don urnaí ná ‘Go lonraí solas Chríost anuas orthu’.

**Cách:** Go lonraí solas Chríost anuas orthu.



**Léitheoir 1:** Ar son na mball teaghlaigh agus na cairde a fuair bás. (*Freagra*)

**Léitheoir 2:** Ar son na múinteoirí agus baill foirne na scoile a fuair bás. (*Freagra*)

**Léitheoir 3:** Ar son mhuintir an phobail agus an pharóiste a fuair bás le bliain anuas. (*Freagra*)

**Léitheoir 4:** Ar son na ndaoine dearmadta a fuair bás agus nach gcuirfear guí ar a son. (*Freagra*)

**Léitheoir 5:** Ar son na ndaoine a chronaímid go mór in aghaidh an lae. (*Freagra*)

**Léitheoir 6:** Ar son na ndaoine a ainmnítear sa bhosca/leabhar/ar an gcrann cuimhneacháin. (*Freagra*)

**Treoraí:** Tuigimid gur ghuigh Íosa go leanúnach chuig a Athair ar neamh. D'iarr sé orainne an ghuí chéanna a dhéanamh chun an Athar. Dá bhrí sin tá sé de mhisneach againn a rá, mar a d'iarr sé orainn:

**Cách:** Ár nAthair

**Treoraí:** A Dhia grámhar, gabhaimid buíochas as an saol a chaith an mhuintir mhuirneach atá ar shlí na fírinne. Cuimhnímid go buíoch ar an ngrá agus ar an lúcháir a bhronnadar orainn. Tabhair aire dúinne agus don slua atá go mór ina ndiaidh. Go n-athaontófar ar neamh amach anseo muid, áit ina gcuirfear deireadh leis an dólás. Déanaimid ár n-urnaí trí Chríost ár dTiarna.

**Cách:** Amen.

**Léitheoir 7:** Go dtuga an Tiarna tacaíocht dúinn ar feadh an lae, go dtiocfaidh an tráthnóna le clapsholas, go dtagann an saol gnóthach chun stad agus go mbíonn maolú ar fhiabhras na beatha, agus saothar an lae tagtha chun deiridh. Ansin, mar Thiarna trócaireach, go mbronnfaidh sé leaba i measc na naomh orainn, agus suaimhneas síoraí.

**Treoraí:** In ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh.

**Cách:** Amen.

Amhrán Deiridh: Glóir do Dhia (nó iomann oiriúnach eile)

